RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1292 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gliocóil mona-eitiléine de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá allmhairí gliocóil mona-eitiléine ("MEG") de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí faoi réir dleacht frithdhumpála chinntitheach, arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Tá cuideachta SAM Indorama Ventures Oxides LLC, cód breise TARIC C681 ([3]), faoi réir na mbeart frithdhumpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár sampláladh arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976.

(3) An 7 Márta 2022, chuir Indorama Ventures (Oxide & Glycols) LLC, cuideachta atá gaolmhar le Indorama Ventures Oxides LLC, in iúl don Choimisiún gur mhian leis MEG a onnmhairiú chuig an Aontas agus d'iarr sé ar an gCoimisiún a dheimhniú go bhféadfadh sé tairbhiú den ráta frithdhumpála atá i bhfeidhm maidir lena cuideachta ghaolmhar, Indorama Ventures Oxides LLC, ós rud é nár áiríodh é san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976.

(4) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfaisnéis a sholáthair Indorama Ventures (Oxide & Glycols) LLC i bhfianaise an imscrúdaithe bunaidh agus bhí sé in ann a fhíorú go bhfuil Indorama Ventures (Oxide & Glycols) LLC gaolmhar le Indorama Ventures Oxides LLC agus nár onnmhairigh sé MEG chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

(5) Thairis sin, ó tharla nár sampláladh Indorama Ventures Oxides LLC, mheabhraigh an Coimisiún nár bunaíodh aon chorrlach aonair le haghaidh na cuideachta, faoi réir dhleacht mheánach an tsampla.

(6) I bhfianaise na mbreithnithe sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí leasú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 agus Indorama Ventures (Oxide & Glycols) LLC a chur leis, agus é faoin gcód breise TARIC céanna C681 agus a chuideachta ghaolmhar, Indorama Ventures Oxides LLC.

(7) Cód breise TARIC C681 a sannadh do Indorama Ventures Oxides LLC roimhe seo, ba cheart feidhm a bheith aige maidir le Indorama Ventures (Oxide & Glycols) LLC freisin ón 7 Márta 2022 i leith.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gliocóil mona-eitiléine de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí (IO L 402, 15.11.2021, lch. 17).

([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 mar a leanas:

"Stáit Aontaithe Mheiriceá	Indorama Ventures Oxides LLC	C681"

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin

"Stáit Aontaithe Mheiriceá	Indorama Ventures Oxides LLC; Indorama Ventures (Oxide & Glycols) LLC	C681"

2. Cód breise TARIC C681 a sannadh do Indorama Ventures Oxides LLC roimhe seo, beidh feidhm aige maidir le Indorama Ventures (Oxide & Glycols) LLC freisin ón 7 Márta 2022 i leith.

3. Ón 7 Márta 2022 i leith, aon dleacht chinntitheach a íocadh ar allmhairí táirgí arna monarú ag Indorama Ventures (Oxide & Glycols) LLC de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 a mhéid a bhaineann le Indorama Ventures Oxides LLC, is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN